Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11428/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0218(NLE)**

**UD 151**
**COEST 573**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 345 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú agus sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le hiarrataí ar an Úcráin aontú do na Coinbhinsiúin sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 345 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 345 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.7.2022
COM(2022) 345 final

2022/0218 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú agus sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le hiarrataí ar an Úcráin aontú do na Coinbhinsiúin sin**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú[1], agus sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach[2] ('na Comhchoistí AE-CTC'), i ndáil leis an gCinneadh atá beartaithe a ghlacadh ag gach ceann de na Comhchoistí a mhéid a bhaineann leis an iarraidh ar an Úcráin aontú don Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú agus don Choinbhinsiún maidir leis an nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach ('na Coinbhinsiúin'), faoi seach.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Na Coinbhinsiúin

Is éard is aidhm do na Coinbhinsiúin gluaiseacht earraí a éascú idir an tAontas Eorpach agus tíortha eile, ar Páirtithe Conarthacha iad sna Coinbhinsiúin. Tháinig siad i bhfeidhm an 1 Eanáir 1988.

Bunaítear leis na Coinbhinsiúin bearta lena n-éascaítear gluaiseacht earraí idir an tAontas Eorpach, Poblacht na hÍoslainne, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise, Poblacht Türkiye, Poblacht na Seirbia agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Is Páirtí Conarthach sa Choinbhinsiún atá san Aontas Eorpach.

Is tíortha coiteanna idirthurais ('CTC') iad tíortha ar Páirtithe Conarthacha iad sna Coinbhinsiúin, ach nach Ballstáit den Aontas iad.

### 2.2. Na Comhchoistí AE-CTC atá beartaithe

Is é an cúram atá ar na Comhchoistí AE-CTC na Coinbhinsiúin a riar agus a gcur chun feidhme cuí a áirithiú. Iarrann na Coistí, trí bhíthin cinnidh, ar thríú tíortha aontú do na Coinbhinsiúin.

Is trí chomhaontú frithpháirteach na bPáirtithe Conarthacha a ghlactar cinntí na gComhchoistí AE-CTC.

### 2.3. Cinntí na gComhchoistí AE-CTC

Ba mhian leis an Úcráin aontú do na Coinbhinsiúin nuair a chomhlíonfaidh sí na ceanglais dhlíthiúla, struchtúracha agus teicneolaíochta faisnéise, ar réamhchoinníollacha iad le haghaidh aontachais.

I gcomhréir le forálacha Airteagal 11(3) den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú agus le forálacha Airteagal 15(3) den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, iarrfaidh Comhchoiste AE-CTC, trí chinneadh, ar thríú tír, de réir bhrí Airteagal 1(2) agus Airteagal 3(1)(c) faoi seach, aontú do na Coinbhinsiúin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 11d agus in Airteagal 15a faoi seach.

---

[1] IO L 134, 22.5.1987, lch. 2.
[2] IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.

Seolann na Comhchoistí AE-CTC iarraidh den sórt sin nuair a chruthaíonn an tír go bhfuil sí in ann a bheith i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha na gCoinbhinsiún.

Arna shainordú ag na meithleacha AE-CTC maidir le hearraí faoi bhealach agus foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú, chinn foireann faireacháin an 24 Meitheamh 2022 go bhfuil an Úcráin réidh le dul isteach sna Coinbhinsiúin. Scrúdaigh an fhoireann den chuid is mó oiriúnú na struchtúr is gá chun bainistíocht a dhéanamh ar an nós imeachta agus ar chur chun feidhme an Chórais Nua Ríomhairithe Idirthurais (NCTS) lena gceadaítear an nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a chur i bhfeidhm agus bhunaigh sí gur comhlíonadh coinníollacha na n-iarrataí, d'ainneoin imthosca deacra don Úcráin.

Ag na chéad seisiúin eile a bheidh acu nó trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, tá sé beartaithe ag na Comhchoistí AE-CTC Dréacht-Chinneadh Uimh. 1/2022 ón gComhchoiste AE-CTC maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú agus Dréacht-Chinneadh Uimh. 2/2022 ón gComhchoiste AE-CTC maidir le hearraí faoi bhealach a ghlacadh chun a iarraidh ar an Úcráin aontú do na Coinbhinsiúin.

Beidh na Cinntí ó na Comhchoistí lena n-iarrtar ar an Úcráin aontú don Choinbhinsiún ina gceangal ar na Páirtithe Conarthacha i gcomhréir le hAirteagal 2 de na Cinntí, lena bhforáiltear go dtiocfaidh 'an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha'.

I gcomhréir le hAirteagal 11(3) den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú agus le hAirteagal 15(3) den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, cuirfidh na Páirtithe Conarthacha na cineálacha sin Cinntí i bhfeidhm i gcomhréir lena reachtaíocht féin.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Tá an seasamh atá beartaithe fabhrach d'iarraidh ar an Úcráin aontú do na Coinbhinsiúin.

I dTeachtaireacht 2001 ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Straitéis chun tíortha is iarrthóirí a ullmhú le haghaidh aontachas le Coinbhinsiúin CE-CSTE 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach agus maidir leis na foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú, agus ina dhiaidh sin Teachtaireacht 2010 ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Straitéis chun tíortha comharsanachta áirithe a ullmhú le haghaidh aontachas leis an dá Choinbhinsiún agus leis na Conclúidí ón gComhairle an 14 Aibreán 2011 lena ndeimhnítear an cur chuige a glacadh sa dá Theachtaireacht sin, déantar foráil maidir le tacaíocht le haghaidh roinnt tíortha ina n-iarrachtaí dul isteach sna Coinbhinsiúin.

Tá an t-aontachas leis na Coinbhinsiúin ina chuid den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin, agus ina chuid de straitéis réamhaontachais na hÚcráine leis an Aontas Eorpach chomh maith. I gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin, déanfar '*acquis*' an Aontais sa limistéar idirthurais custaim a ailíniú.

Is é is aidhm dó trádáil a éascú idir an Úcráin, an tAontas Eorpach agus tíortha comhchoiteanna idirthurais eile. Ba cheart tairbhí suntasacha nithiúla do thrádálaithe agus do riaracháin chustaim a bheith ann mar thoradh ar na hiarrataí sin trí fhoirmiúlachtaí idirthurais agus custaim a shimpliú, trí chostais a laghdú, trí ghluaiseacht earraí a éascú agus trí mhéadú féideartha ar thrádáil.

Tá na hiarrataí ó na Comhchoistí AE-CTC i gcomhréir leis an tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na hÚcráine ar bhallraíocht san Aontas Eorpach agus le formhuiniú na tuairime

sin ag an gComhairle Eorpach an 23 Meitheamh 2022 lenar deonaíodh an stádas mar thír is iarrthóir don Úcráin. Soláthróidh sé comhartha follasach den pheirspictíocht Eorpach don Úcráin.

Mar gheall ar an bhfogha míleata gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin, tá sé níos práinní fós don Úcráin aontú do na Coinbhinsiúin chun gluaiseacht earraí trína teorainneacha a éascú go héifeachtúil ós rud é go bhfuil bac ar roinnt bealaí iompair agus, dá bhrí sin, go bhfuil brú tráchta ar chuid eile díobh.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún don Chomhairle go nglacfadh an tAontas seasamh fabhrach maidir le haontachas na hÚcráine leis na Coinbhinsiúin.

Tá na Cinntí atá beartaithe comhsheasmhach le beartais an Aontais Eorpaigh i réimsí na trádála agus an iompair.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos ‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’

Le hAirteagal 11(3) den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú agus le hAirteagal 15(3) den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, sonraítear go n-iarrfaidh an Comhchoiste AE-CTC, trí chinneadh, ar thríú tír, de réir bhrí Airteagal 1(2) agus Airteagal 3(1)(c) faoi seach, aontú do na Coinbhinsiúin.

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste AE-CTC a bunaíodh le hAirteagal 10 den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú agus le hAirteagal 14 den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach.

Na Cinntí a iarrtar ar Chomhchoiste AE-CTC a ghlacadh, is gníomh iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh na Cinntí sin ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 15 den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú agus i gcomhréir le hAirteagal 20 den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach.

Ní dhéantar creat institiúideach na gCoinbhinsiún a fhorlíonadh ná a leasú de thoradh na ngníomhartha atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí leis an nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús substaintiúil dlí

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a

shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm theagmhasach nó mar chomhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is le comhbheartas tráchtála a bhaineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE an bunús substaintiúil dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Ba cheart Airteagal 207 CFAE a bheith ina bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2022/0218 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú agus sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le hiarrataí ar an Úcráin aontú do na Coinbhinsiúin sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú[3] agus an Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach[4] ('na Coinbhinsiúin'), is amhlaidh a tugadh i gcrích iad idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise an 20 Bealtaine 1987, agus is é an 1 Eanáir 1988 a tháinig siad i bhfeidhm.

(2) Chuir an Úcráin in iúl gur mian léi aontú do na Coinbhinsiúin a luaithe a chomhlíonann sí na ceanglais maidir lena haontachas.

(3) De bhun Airteagal 11(3) den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú, féadfaidh an Comhchoiste AE-CTC arna bhunú leis an gCoinbhinsiún sin iarrataí ar thríú tíortha aontú don Choinbhinsiún sin a ghlacadh trí chinneadh.

(4) De bhun Airteagal 15(3) den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, féadfaidh an Comhchoiste AE-CTC arna bhunú leis an gCoinbhinsiún sin iarrataí ar thríú tíortha aontú don Choinbhinsiún sin a ghlacadh trí chinneadh.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna Comhchoistí a bunaíodh leis na Coinbhinsiúin a bhunú, ós rud é go mbeidh na Cinntí maidir le hiarraidh ar an Úcráin aontú do na Coinbhinsiúin ceangailteach ar an Aontas.

(6) Is cuid de *acquis* an Aontais iad na Coinbhinsiúin agus is cuid iad den straitéis réamhaontachais don Úcráin. Áiritheoidh na Coinbhinsiúin nósanna imeachta éifeachtúla um thrasnú teorann idir an Úcráin agus na páirtithe sna Coinbhinsiúin.

(7) Tá na hiarrataí i gcomhréir leis an tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na hÚcráine ar bhallraíocht san Aontas Eorpach agus le formhuiniú na tuairime sin ag an

[3] IO L 134, 22.5.1987, lch. 2.
[4] IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.

gComhairle Eorpach an 23 Meitheamh 2022 lenar deonaíodh an stádas mar thír is iarrthóir don Úcráin.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sna Comhchoistí arna mbunú leis na Coinbhinsiúin a bheith fabhrach d'iarraidh maidir le haontú do na Coinbhinsiúin sin agus ba cheart é a bheith bunaithe ar na Dréacht-Chinntí lena léirítear an seasamh sin,

(9) I gcomhréir leis na Coinbhinsiúin, ní mór do thríú tír a n-iarrfar uirthi a bheith ina páirtí conarthach a dhéanamh amhlaidh trí ionstraim aontachais a thaisceadh agus tá éifeacht le bheith ag an aontachas an 1ú lá den 2ú mí tar éis thaisceadh na hionstraime aontachais.

(10) Chun aontachas tráthúil na hÚcráine a éascú, is gá an cinneadh seo a ghlacadh gan mhoill.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú a mhéid a bhaineann le hiarraidh ar an Úcráin aontú don Choinbhinsiún sin, bunófar é ar an Dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste sin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le hearraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le hiarraidh ar an Úcráin aontú don Choinbhinsiún sin, bunófar é ar an Dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste sin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Tar éis a nglactha, foilseofar na Cinntí ó na Comhchoistí dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*